



Uimhir 19 de 1991

An tAcht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 19 de 1991

**AN tACHT UM ATHNUACHAN AGUS FORBAIRT
LIMISTÉAR BHARRA AN TEAMPAILL, 1991**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Léiriú.

CUID II

TEMPLE BAR RENEWAL LIMITED

3. Stiúirthóirí *Temple Bar Renewal Limited* a cheapadh.
4. Forais le caiteachas áirithe a cheadú, etc.
5. Leagfar cóipeanna de chinntí faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
6. Bord, príomhfheidhmeannach agus foireann *Temple Bar Renewal Limited*.
7. Iniúchóir *Temple Bar Renewal Limited*.
8. Athrú ar mheabhrán comhlachais agus ar airteagail chomhlachais *Temple Bar Renewal Limited*.

CUID III

TEMPLE BAR PROPERTIES LIMITED

9. Cuideachta forbraíochta don Limistéar.
10. Scairsealbhóir i *Temple Bar Properties Limited*.
11. Forálacha i ndáil le foligean, etc.
12. Fáil éigeantach talún i Limistéar Bharra an Teampaill, etc.
13. An tAire do ráthú iasachtaí.

[Uimh. 19.] *An tAcht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991.* [1991.]

Alt

14. Airgead a airleacan as an bPríomh-Chiste.
15. Bord, príomhfheidhmeannach agus foireann *Temple Bar Properties Limited*.
16. Iniúchóir *Temple Bar Properties Limited*.
17. Athrú ar mheabhrán comhlachais agus ar airteagail chomhlachais *Temple Bar Properties Limited*.
18. Díolúine ó dhleacht stampa.

AN CHÉAD SCEIDEAL

LIMISTÉAR BHARRA AN TEAMPAILL

AN DARA SCEIDEAL

FORAIS LE FOIRGNIMH NÓ ÁITRIBH LÁITHREACHA NÓ BHEARTAITHE A
CHEADÚ, ETC.

AN TRÍÚ SCEIDEAL

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE FÁIL ÉIGEANTACH

NA hAchtanna dá dTagraítear

<i>Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act, 1919</i>	9 & 10 Geo. 5, c. 57
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990	
An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990	1990, Uimh. 14
<i>Finance Act, 1895</i>	58 & 59 Vict., c. 16
An tAcht Airgeadais, 1991	1991, Uimh. 13
Na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 1989	
<i>Lands Clauses Consolidation Act, 1845</i>	8 & 9 Vict., c. 18
An tAcht um Chlárú Teidil, 1964	1964, Uimh. 16



Uimhir 19 de 1991

**AN tACHT UM ATHNUACHAN AGUS FORBAIRT
LIMISTÉAR BHARRA AN TEAMPAILL, 1991**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO SHOCRÚ NA bhFORAS AR A bhFÉADFAIDH *TEMPLE BAR RENEWAL LIMITED* CEADUITHE ÁIRITHE A DHÉANAMH I nDÁIL LE FOIRGNIMH AGUS ÁITRIBH LÁITHREACHA NÓ BHEARTAITHE I LIMISTÉAR BHARRA AN TEAMPAILL, DO DHÉANAMH SOCRÚ GO mBEIDH *TEMPLE BAR PROPERTIES LIMITED* INA CHUIDEACHTA FORBRAÍOCHTA DO LIMISTÉAR BHARRA AN TEAMPAILL AGUS MAIDIR LE FÁIL ÉIGEANTACH TALÚN SA LIMISTÉAR SIN AIGE, D'ÚDARÚ DON AIRE AIRGEADAIS AIRGEAD A GHEOBHAIDH *TEMPLE BAR PROPERTIES LIMITED* AR IASACHT A RÁTHÚ, DO DHÉANAMH TUILLEADH SOCRUITHE I nDÁIL LE *TEMPLE BAR RENEWAL LIMITED* AGUS LE *TEMPLE BAR PROPERTIES LIMITED* AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [15 *Iúil*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—Féadfar an tAcht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra Gearrtheideal. an Teampaill, 1991, a ghairm den Acht seo.

2.—(1) San Acht seo— Léiriú.
ciallaíonn “an Limistéar” Limistéar Bharra an Teampaill;

folaíonn “foirgneamh nó áitreabh”, mar a gceadaíonn an comhthéacs é, foirgneamh nó áitreabh beartaithe;

ciallaíonn “an tAire”, seachas sa Tríú Sceideal, an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “Limistéar Bharra an Teampaill” an limistéar a thuairiscítear sa Chéad Sceideal.

(2) San Acht seo, aon tagairt do Chuid d’achtachán nó d’alt nó do Sceideal is tagairt í do Chuid nó d’alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.

(3) San Acht seo, aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhómhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

CUID II

TEMPLE BAR RENEWAL LIMITED

Stiúrthóirí *Temple Bar Renewal Limited* a cheapadh.

3.—D’ainneoin aon fhorála d’Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, is é an Taoiseach a cheapfaidh stiúrthóirí *Temple Bar Renewal Limited*.

Forais le caiteachas áirithe a cheadú, etc.

4.—(1) Le linn a bheith ag cinneadh cibé acu a cheadóidh nó nach gceadóidh sé foirgnimh nó áitribh láithreacha nó bheartaithe chun críocha Chaibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991, déanfaidh *Temple Bar Renewal Limited* amhlaidh de réir an Dara Sceideal ag féachaint do na húsáidí agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Sceideal sin agus ar bhonn na gcrítéar atá leagtha amach amhlaidh, agus aon tagairt sa Sceideal sin do cheadaithe ciallaíonn sé ceadaithe chun na gcríoch sin agus is dá réir sin a fhorléireofar tagairt dá mhalairt.

(2) Maidir le ceadú lena mbaineann fo-alt (1), féadfaidh *Temple Bar Renewal Limited* an tréimhse a shonrú a mbeidh feidhm ag an gceadú sin lena linn.

5.—Déanfar cóip i scríbhinn de gach cinneadh, arna dhéanamh ag *Temple Bar Renewal Limited* sa tréimhse trí mhí dar críoch dáta rite an Acht seo agus sa tréimhse trí mhí díreach ina dhiaidh sin agus i ngach tréimhse trí mhí dá éis sin, foirgnimh nó áitribh láithreacha nó bheartaithe a cheadú, nó gan iad a cheadú, chun críocha Chaibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas i ndeireadh na tréimhse a dúradh lena mbaineann an cinneadh nó a luaithe is féidir dá éis sin.

Leagfar cóipeanna de chinntí faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

6.—(1) Íocfar le cathaoirleach agus le gach comhalta de bhord *Temple Bar Renewal Limited*, as airgead a bheidh faoina réir, cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh sé de réir mar a chinnfidh an Taoiseach agus an tAire.

Bord, príomhfheidhmeannach agus foireann *Temple Bar Renewal Limited*.

(2) Íocfar le príomhfheidhmeannach *Temple Bar Renewal Limited*, as airgead a bheidh faoina réir, cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh sé de réir mar a chinnfidh an Taoiseach agus an tAire.

(3) Faoi réir fho-alt (2), íocfar le comhalta d'fhoireann *Temple Bar Renewal Limited*, as airgead a bheidh faoina réir, cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh sé de réir mar a chinnfidh *Temple Bar Renewal Limited* le toiliú an Taoisigh agus an Aire.

7.—(1) D'ainneoin aon fhorála atá in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-aon iniúchóir amháin ar chuntais *Temple Bar Renewal Limited*.

Iniúchóir *Temple Bar Renewal Limited*.

(2) Déanfar na cuntais lena mbaineann fo-alt (1), arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu, a thíolacadh don Taoiseach agus cuirfidh seisean faoi deara cóipeanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

8.—Déanfaidh *Temple Bar Renewal Limited* cibé bearta is gá faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, chun a mheabhrán comhlachais agus a airteagail chomhlachais a athrú lena gcur ar comhréir leis an gCuid seo agus le Caibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991.

Athrú ar mheabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais *Temple Bar Renewal Limited*.

CUID III

TEMPLE BAR PROPERTIES LIMITED

Cuideachta forbraíochta don Limistéar.

9.—Beidh *Temple Bar Properties Limited* ina chuideachta forbraíochta do Limistéar Bharra an Teampaill.

Scairshealbhóir i *Temple Bar Properties Limited*.

10.—D’ainneoin aon fhorála d’Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, is é an Taoiseach, trína ainmnithigh, an t-aon scairshealbhóir amháin a bheidh ag *Temple Bar Properties Limited*.

Forálacha i ndáil le foligean, etc.

11.—D’ainneoin aon fhorála de na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 1989, i gcás go ndéanfaidh duine (dá ngairtear an tionónta san alt seo) comhaontú tionóntachta le *Temple Bar Properties Limited* maidir le haon áitreabh sa Limistéar, ansin ní dhéanfaidh an tionónta an t-áitreabh sin, nó aon chuid de, a shannadh ná a fholigean, ná a sheilbh air a roinnt, gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ó *Temple Bar Properties Limited*.

(2) (a) Ní dhiúltóidh *Temple Bar Properties Limited* go neamhréasúnach toiliú le haon sannadh, foligean nó roinnt seilbhe dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(b) Chun críocha an ailt seo measfar nach bhfuil *Temple Bar Properties Limited* ag gníomhú go neamhréasúnach má dhiúltaíonn sé a thoiliú a thabhairt más rud é, maidir le sannaí beartaithe nó foléasaí beartaithe an áitribh nó na coda de, nó maidir leis an duine a mbeartaíonn an tionónta seilbh an áitribh nó na coda de a roinnt leis (de réir mar a bheidh), go bhfuil ar intinn aige an t-áitreabh sin nó an chuid sin a úsáid le haghaidh úsáide nó gníomhaíochta nach mbeadh, ag féachaint d’fhorálacha alt 4 agus an Dara Sceideal, ceadaithe ag *Temple Bar Renewal Limited* chun críocha Chaibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991.

(3) Mar choinníoll le toiliú a thabhairt chun críocha fho-alt (1), beidh *Temple Bar Properties Limited* i dteideal a cheangal, más cuí, go ndéanfar an cíos is iníoctha ag an tionónta a mbeidh an t-áitreabh lena mbaineann, nó cuid de, á shannadh nó á fholigean aige, nó a mbeidh seilbh an chéanna á roinnt aige, a mhéadú ionas go dtiocfaidh sé chun bheith agus go mbeidh sé ina Chíos nach mó ná cíos margadhluacha iomlán an áitribh sin—

- (a) ar dháta tosaigh théarma na tionóntachta, nó
- (b) ar an dáta athbhreithnithe deiridh, nó ar an dáta deiridh ar méadaíodh an cíos go huathoibríoch, díreach roimh an sannadh, an foligean nó an roinnt scilbhe sin, de réir mar a bheidh,

cibé dáta acu is déanaí.

12.—(1) Féadfaidh *Temple Bar Properties Limited*, de réir mhíreanna 1 go 8 den Tríú Sceideal, aon talamh, nó aon leas in aon talamh nó ceart thar aon talamh, sa Limistéar a fháil go héigeantach chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm, ar dhóigh chomhleanúnach chuimsitheach agus chomhtháite, aon scéim forbraíochta le haghaidh an Limistéir nó aon chuid de nach mbeadh indéanta, i dtuairim *Temple Bar Properties Limited*, gan an talamh nó an leas lena mbaineann a bheith ar áireamh sa scéim sin agus, go háirithe—

Fáil éigeantach talún
i Limistéar Bharra an
Teampaill, etc.

- (a) chun cúrsaí agus ceanglais sábháilteachta agus aeistéitice a chur i bhfeidhm,
 - (b) chun sráid-dreach, leagan amach agus gréasán foirgníochta an Limistéir a athnuachan, a bhuanchoimeád, a chaomhnú, a athréiteach, a fhorbairt nó a athfhorbairt, agus
 - (c) chun inlínadh nó forbairt nó athfhorbairt eile a dhéanamh ar láithreán tréigthe (is láithreán tréigthe de réir bhrí alt 3 den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990) nó ar láithreán folamh (is talamh nach láithreán tréigthe ná nach bhfuil aon fhoirgneamh nó áitreabh buan air) ar dhóigh a chuireann le caomhnú agus le hoidhreacht ailtireachta an Limistéir.
- (2) (a) Beidh éifeacht le míreanna 9 agus 10 den Tríú Sceideal, más cuí, sna himthosca atá leagtha amach i bhfomhír (1) den mhír sin 9 chun talamh a dhílsiú do *Temple Bar Properties Limited*.
- (b) Má dhéantar ordú dílseacháin de bhua mhír 9 den Tríú Sceideal, ní dhéanfaidh sé sin dochar ann féin d'aon éileamh ar chúiteamh a dhéanfar, tar éis an t-ordú a dhéanamh,

maidir le haon eastát nó leas sa talamh, nó in aon chuid de, nó le haon cheart thar an talamh, nó thar aon chuid de, lena mbaineann an t-ordú agus, dá réir sin, beidh feidhm ag forálacha mhíreanna 7 agus 8 den Tríú Sceideal maidir le héileamh den sórt sin.

An tAire do ráthú
iasachtaí.

13.—(1) Féadfaidh an tAire a ráthú, i cibé foirm agus slí agus i cibé airgead (lena n-áirítear airgead in airgead reatha seachas airgead reatha an Stáit) agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis—

(a) go n-aisíocfaidh *Temple Bar Properties Limited* go cuí príomhshuim aon airgid a gheobhaidh an chuideachta sin ar iasacht nó go n-íocfar ús ar an airgead sin nó go n-aisíocfar an phríomhshuim agus go n-íocfar an t-ús, agus

(b) go n-íocfar go cuí aon nóta gealltanais a dhéanfaidh *Temple Bar Properties Limited* nó aon bhille malairte a tharraingeoidh sé nó a ghlacfaidh sé,

agus féadfar a áireamh in aon ráthaíocht den sórt sin ráthaíocht go n-íocfaidh an chuideachta sin coimisiún agus caiteachais theagmhasacha a éireoidh i ndáil leis an iasacht, leis an nóta gealltanais nó leis an mbille malairte sin.

(2) Ní fheidhmeoidh an tAire na cumhachtaí a thugtar dó leis an alt seo ar shlí gur mó ná £25,000,000 an méid, nó an méid comhiomlán—

(a) príomhshuime, coimisiúin agus caiteachas teagmhasach, agus

(b) ar nótaí gealltanais agus ar bhíllí malairte,

a dhlífidh sé aon tráth áirithe, a aisíoc ar scór aon ráthaíochta nó ráthaíochtaí a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé faoin alt seo, mar aon leis an méid (más ann) príomhshuime, coimisiúin agus caiteachas teagmhasach, agus an méid ar nótaí gealltanais agus billí malairte, a bheidh íoctha ag an Aire cheana féin ar scór aon ráthaíochta faoin alt seo agus nach mbeidh aisíoctha ag *Temple Bar Properties Limited*.

(3) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a leagfaidh

amach, maidir le gach ráthaíocht faoin alt seo a tugadh i rith na bliana sin nó a tugadh aon tráth roimh thosach, agus a bhí i bhfeidhm i dtosach, na bliana sin—

(a) sonraí na ráthaíochta,

(b) i gcás aon íocaíocht a bheith déanta ag an Aire faoin ráthaíocht roimh dheireadh na bliana sin, méid na híocaíochta agus an méid (más aon mhéid é) a aisíocadh leis an Aire ar scór na híocaíochta,

(c) an méid airgid a bhí faoi bhrí na ráthaíochta agus a bhí gan íoc i ndeireadh na bliana sin.

(4) Déanfaidh *Temple Bar Properties Limited* aon airgead a d'íoc an tAire faoi ráthaíocht faoin alt seo a aisíoc leis (mar aon le hús ar an airgead sin de réir cibé ráta nó rátaí a cheapfaidh sé) laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta a airleacadh an t-airgead as an bPríomh-Chiste.

(5) I gcás nach mbeidh an t-airgead go léir, nó aon chuid den airgead, a gceanglaíonn fo-alt (4) é a aisíoc leis an Aire, íochta de réir an fho-ailt sin, déanfar an méid a bheidh fós gan aisíoc amhlaidh a aisíoc, cibé tráthanna a chinneadh an tAire, leis an bPríomh-Chiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(6) D'ainneoin airgead a sholáthar faoi fho-alt (5), d'fhonn an méid a aisíoc leis an bPríomh-Chiste, leanfaidh *Temple Bar Properties Limited* de bheith faoi dhliteanas don Aire i leith an mhéid sin agus déanfaidh an chuideachta sin an méid sin (mar aon le hús ar an méid sin de réir cibé ráta nó rátaí a cheapfaidh an tAire) a aisíoc leis an Aire cibé tráthanna agus i cibé tráthchodanna a cheapfaidh sé agus, mura ndéanfar aisíoc mar a dúradh agus gan dochar d'aon mhodh gnóthaithe eile, féadfar é a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(7) Déanfar airgead a íocfaidh *Temple Bar Properties Limited* faoi fho-alt (4) nó (6) a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste ar cibé slí is cuí leis an Aire.

(8) I ndáil le ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an Aire in airgead reatha seachas airgead reatha an Stáit—

(a) glacfar le gach tagairt do phríomhshuim, le gach tagairt d'ús agus leis an tagairt do choimisiún agus caiteachais

theagmhasacha i bhfo-alt (1), agus leis an tagairt do nóta gealltanais nó bille malairte i mír (b) den fho-alt sin, mar thagairt do choibhéis mhéid iarbhír na príomhshuime, an úis, an choimisiúin agus na gcaiteachas teagmhasach, an nóta gealltanais nó an bhille malairte sin, de réir mar a bheidh, in airgead reatha an Stáit, agus an choibhéis sin a ríomh de réir chostas an mhéid sin in airgead reatha an Stáit an tráth a ndéantar an ríomh,

(b) glacfar le gach tagairt do phríomhshuim, do choimisiún, do chaiteachais theagmhasacha, do nótaí gealltanais agus do bhíllí malairte i bhfo-alt (2) mar thagairt do choibhéis mhéid iarbhír na príomhshuime, an choimisiúin, na gcaiteachas teagmhasach, na nótaí gealltanais agus na mbíllí malairte sin, de réir mar a bheidh, in airgead reatha an Stáit, agus an choibhéis sin a ríomh ar an tslí dá bhforáiltear le mír (a),

(c) glacfar leis an tagairt d'airgead i bhfo-alt (3) mar thagairt do choibhéis an airgid iarbhír in airgead reatha an Stáit, agus an choibhéis sin a ríomh de réir an ráta malairte don airgead reatha sin agus d'airgead reatha an Stáit an tráth a ndéantar an ríomh, agus

(d) glacfar le gach tagairt d'airgead i bhfo-alt (4) go (6) mar thagairt do chostas an airgid iarbhír in airgead reatha an Stáit.

Airgead a airleacan as an bPríomh-Chiste.

14.—Déanfar an t-airgead go léir a bheidh ag teastáil ón Aire faoi chomhair suimeanna a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige faoi alt 13 a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

Bord, príomhfheidhmeannach agus foireann *Temple Bar Properties Limited*.

15.—(1) Íocfar le cathaoirleach agus le gach comhalta de bhord *Temple Bar Properties Limited*, as airgead a bheidh faoina réir, cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh sé de réir mar a chinnfidh an Taoiseach agus an tAire.

(2) Íocfar le príomhfheidhmeannach *Temple Bar Properties Limited*, as airgead a bheidh faoina réir, cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith

caiteachas a thabhoídh sé de réir mar a chinnfidh an Taoiseach agus an tAire.

(3) Faoi réir fho-alt (2), íocfar le comhalta d'fhoireann *Temple Bar Properties Limited*, as airgead a bheidh faoina réir, cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas a thabhoídh sé de réir mar a chinnfidh *Temple Bar Properties Limited* le toiliú an Taoisigh agus an Aire.

16.—(1) D'ainneoin aon fhorála in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-aon iniúchóir amháin ar chuntais *Temple Bar Properties Limited*. Iniúchóir *Temple Bar Properties Limited*.

(2) Déanfar na cuntais lena mbaineann fo-alt (1), arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, a thíolacadh don Taoiseach agus cuirfidh seisean faoi deara cóipeanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

17.—Déanfaidh *Temple Bar Properties Limited* cibé bearta is gá faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, chun a mheabhrán comhlachais agus a airteagail chomhlachais a athrú lena gcur ar comhréir leis an gCuid seo. Athrú ar mheabhrán comhlachais agus ar airteagail chomhlachais *Temple Bar Properties Limited*.

18.—(1) Ní bheidh feidhm ag alt 12 den *Finance Act, 1895*, maidir le haon tíolacadh, aistriú, ordú dílseacháin dá dtagraítear sa Tríú Sceideal nó ionstraim eile a fhorghníomhófar chun aon talamh sa Limistéar, nó aon leas i dtalamh ann, a dhílsiú do *Temple Bar Properties Limited* nó d'aon fochuideachta dá chuid. Díolúine ó dhleacht stampa.

(2) Chun críocha an ailt seo measfar gur fochuideachta de chuid *Temple Bar Properties Limited* cuideachta más rud é—

(a) go bhfuil *Temple Bar Properties Limited*—

(i) ina chomhalta den chuideachta agus rialú aige ar chomhdhéanamh leath ar a laghad de bhord stiurthóirí na cuideachta, nó

(ii) ina shealbhóir ar leath ar a laghad, de réir luacha ainmniúil, de scairchaipiteal cothromais na cuideachta, nó

(iii) ina shealbhóir ar leath ar a laghad, de réir luacha ainmniúil, de na scaireanna sa chuideachta a ngabhann cearta vótála leo (seachas cearta vótála nach dtagann i gceist ach in imthosca sonraithe),

nó

(b) gur fochuideachta í an chuideachta d'aon chuideachta is fochuideachta de chuid *Temple Bar Properties Limited*.

Alt 2.

AN CHÉAD SCEIDEAL

LIMISTÉAR BHARRA AN TEAMPAILL

Léiriú

Sa Sceideal seo—

folaíonn “mórbhealach” aon droichead, faiche, cnoc, abhainn agus sráid;

tagairt do líne arna tarraingt feadh aon mhórbhealaigh is tagairt í do líne arna tarraingt feadh lár an mhórbhealaigh sin;

tagairt d'fhadú aon mhórbhealaigh is tagairt í d'fhadú líne arna tarraingt feadh lár an mhórbhealaigh sin;

tagairt don phointe mar a dtrasnaíonn aon mhórbhealach nó fadú aon mhórbhealaigh aon mhórbhealach eile nó don phointe mar a mbuaileann siad le chéile is tagairt í don phointe mar a ndéanfaí líne arna tarraingt feadh lár mórbhealaigh amháin, nó i gcás fadaithe mórbhealaigh, feadh an fhadaithe, a thrasnú ag líne arna tarraingt feadh lár an mhórbhealaigh eile nó don phointe mar a mbuailfidís le chéile.

Tuairisc ar Limistéar Bharra an Teampaill

An chuid sin de chontaebhuirg Bhaile Átha Cliath a theorannaítear le líne a thosaíonn ag an bpointe (dá ngairtear “an pointe céadluaite” anseo ina

dhiaidh seo sa tuairisc seo) mar a dtrasnaíonn Droichead Uí Chonaill an Life, a leanann ansin, ó dheas i dtosach feadh Dhroichead Uí Chonaill, Shráid an Fheistí, Fhaiche an Choláiste, Shráid an Dáma, Chnoc Chorcaí agus Shráid an Tiarna Éadbhard go dtí an pointe mar a mbuaileann sí le Sráid Sheamlas an Éisc, a leanann ansin ó thuaidh feadh Shráid Sheamlas an Éisc agus feadh a fadaíthe ó thuaidh go dtí an pointe mar a dtrasnaíonn sí an Life, a leanann ansin soir feadh na Life go dtí an pointe céadluaite.

Alt 4. AN DARA SCEIDEAL

FORAIS LE FOIRGNIMH NÓ ÁITRIBH LÁITHREACHA NÓ BHEARTAITHE A CHEADÚ, ETC

1. Aon fhoirgneamh nó áitreabh—

- (a) ina bhfuil gníomhaíochtaí de chineál cultúrtha á seoladh, nó ina mbeidh siad á seoladh, má dhéanann *Temple Bar Renewal Limited* an foirgneamh nó an t-áitreabh sin a cheadú go cuí le haghaidh na gníomhaíochtaí sin, nó
- (b) ina bhfuil gníomhaíochtaí á seoladh ag gnóthas gnó a chuireann seirbhísí ar fáil do thurasóirí agus do chuirteoirí eile go dtí an Limistéar, nó ina mbeidh siad á seoladh, má dhéanann *Temple Bar Renewal Limited* an foirgneamh nó an t-áitreabh sin a cheadú go cuí le haghaidh na gníomhaíochta sin agus, go háirithe ach gan dochar do ghinearáltacht na fomhíre seo, i gcás go bhfuil nó go mbeidh an foirgneamh sin á úsáid—
 - (i) mar bhialann, nó
 - (ii) mar áit le deochanna meisciúla a dhíol agus a chaitheamh, nó
 - (iii) mar óstán, nó
 - (iv) mar bhrú, nó
- (c) ina bhfuil gníomhaíochtaí á seoladh ag gnóthas gnó, nó ina mbeidh siad á seoladh, má dhéanann *Temple Bar Renewal*

Limited an foirgneamh nó an t-áitreabh sin a cheadú go cuí le haghaidh na gníomhaíochtaí sin agus más rud é, maidir leis an ngnóthas—

- (i) go bhfuil sé nó go mbeidh sé níos lú ná gnóthais ghnó láithreacha sa Limistéar, nó ar aon dul leo ó thaobh méide de, agus
- (ii) go bhfuil nó go mbeidh 20 duine ar a mhéid ar fostú aige, nó
- (d) a úsáidtear, nó a úsáidfear má cheadaíonn *Temple Bar Renewal Limited* go cuí é lena úsáid—
 - (i) mar charchlós ilstóir de réir na brí a shanntar dó sin le Caibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991, nó
 - (ii) mar chóiríocht chónaithe, nó
 - (iii) mar oifig nó gníomhaíocht seirbhíse a fhreastalaíonn go príomha ar an Limistéar,

féadfar é a cheadú.

2. Ní dhéanfar aon fhoirgneamh ná áitreabh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid—

- (a) mar stóras, seachas mar ionad stórála lena úsáid ag foirgneamh nó áitreabh lena mbaineann mír 1 agus a thagann leis an úsáid nó leis an ngníomhaíocht a bhaintear nó a bhainfear as an bhfoirgneamh nó as an áitreabh, nó
- (b) mar mhonarcha, seachas foirgneamh nó áitreabh lena mbaineann mír 1(c), nó
- (c) ag gnóthais ghnó, seachas iad sin lena mbaineann mír 1 nó 3,

a cheadú.

3. Aon fhoirgnimh nó áitribh lena n-úsáid ag forais airgeadais nó ar forbairtí oifigí ginearálta iad (ach amháin a mhéid a bhaineann le mír 1 (d)(iii)), ní cheadófar iad in aon chuid den Limistéar seachas i gcuid atá, i dtuairim *Temple Bar Renewal Limited*, ar fhorimeall an Limistéir.

4. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 3, diúltófar ceadú a thabhairt de bhua ceachtar de na míreanna sin i gcás gurb é tuairim *Temple Bar Renewal Limited* go ndéanfaidh ceadú den sórt sin dochar do mheascadh oiriúnach úsáidí agus gníomhaíochtaí sa Limistéar nó in aon chuid de.

Alt 12. AN TRÍÚ SCEIDEAL

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE FÁIL ÉIGEANTACH

1. Sa Sceideal seo—

ciallaíonn “an Chuideachta” *Temple Bar Properties Limited*;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Comhshaoil;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

2. (1) I gcás go mbeartóidh an Chuideachta aon talamh nó aon leas i dtalamh nó ceart thar talamh a fháil faoi alt 12, féadfaidh an Chuideachta iarratas a dhéanamh chun an Aire ar ordú faoin Sceideal seo á údarú don Chuideachta an mhaoín a fháil go héigeantach agus beidh cibé léarscáileanna, pleananna agus leabhair thagartha dá dtagraítear i mír 6 ag gabháil leis an iarratas.

(2) Foilseoidh an Chuideachta an fógra forordaithe i dtaobh an iarratais san *Iris Oifigiúil* agus i gceann amháin nó níos mó de na nuachtáin a léitear i gcontaebhuirg Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear Limistéar Bharra an Teampaill), agus seirbheálfaidh sí cóip den fhógra ar gach duine ar dealraitheach don Chuideachta eastát nó leas a bheith aige sa mhaoín, sa mhéid gur féidir le réasún na daoine sin a fhionnadh.

(3) San fhógra dá dtagraítear i bhfomhír (2) beidh foráil á chur in iúl do dhaoine a bhfuil eastát nó leas acu sa mhaoín go bhfuil de cheart acu agóid i gcoinne ordú a dhéanamh a thaisceadh leis an Aire laistigh de

mhí ó dháta an iarratais ón gCuideachta, agus sonrúfar ann na tráthanna agus na háiteanna ar féidir iniúchadh a dhéanamh ar na léarscáileanna, na pleananna agus na leabhair thagartha a bheidh taiscthe de réir mhír 6.

(4) Déanfaidh an tAire breithniú agus cinneadh ar aon agóid i gcoinne an iarratais agus féadfaidh sé, más cuí leis, comhairleoir a cheapadh chun cabhrú leis i ndáil leis sin.

3. I gcás nach dtaiscfear aon agóid i gcoinne an iarratais ón gCuideachta laistigh de mhí amháin ó dháta an iarratais ón gCuideachta nó go ndiúltóidh an tAire d'aon agóid den sórt sin, déanfaidh an tAire ordú (dá ngairtear ordú fála sa Sceideal seo) á údarú don Chuideachta an mhaoin a fháil go héigeantach de réir théarmaí a hiarratais nó faoi réir cibé modhnuithe, más ann, a shonróidh sé.

4. (1) Tráth ar bith tar éis ordú fála a bheith déanta agus sula ndéanfar tíolacadh nó sula bhfionnfár praghas, féadfaidh an Chuideachta, faoi réir na míre seo, dul isteach ar an talamh atá le fáil agus seilbh a ghlacadh air, nó an ceart atá le fáil a fheidhmiú.

(2) Maidir leis an gCuideachta—

(a) ní rachaidh sí isteach ar aon talamh ná ní ghlacfaidh sí seilbh ar aon talamh faoin mír seo gan fógra míosa ar a laghad a thabhairt roimh ré, i scríbhinn, don áititheoir á rá go bhfuil ar intinn aici sin a dhéanamh,

(b) ní fheidhmeoidh sí aon cheart faoin mír seo gan fógra míosa ar a laghad a thabhairt roimh ré, i scríbhinn, d'áititheoir na talún a bhfuil an ceart le feidhmiú ina leith, á rá go bhfuil ar intinn aici sin a dhéanamh.

5. (1) Féadfar fógra faoin Sceideal seo a sheirbheáil ar aon duine trína chur leis an bpost cláraithe i gclúdach litreach a bheidh dírithe chuige ag an seoladh is gnách, nó is déanaí is eol, a bheith aige.

(2) Más rud é, ar chúis ar bith, nach féidir an clúdach litreach a dhíriú amhlaidh, féadfar é a dhíriú chuig an duine a bhfuil sé ceaptha dó ar cheachtar de na bealaí seo a leanas:

(a) faoin tuairisc “an t-áititheoir”, gan a ainm a lua,

(b) ag an talamh lena mbaineann an fógra.

6. (1) Cuirfidh an Chuideachta faoi deara léarscáileanna, pleananna agus leabhair thagartha a thaisceadh de réir na míre seo.

(2) Beidh na léarscáileanna agus na pleananna leordhóthanach, ó thaobh méide agus gné de, le go dtaispeánfar orthu, de réir scálaí dóthanacha, an talamh nó an ceart a bheartaítear a fháil.

(3) Sna leabhair thagartha beidh ainmneacha úinéirí nó úinéirí ainme, léasaithe nó léasaithe ainme, agus áititheoirí na talún a bheartaítear a fháil nó a mbeartaítear an ceart a fheidhmiú ina leith.

(4) Déanfar na léarscáileanna, na pleananna agus na leabhair thagartha a thaisceadh i cibé áit nó áiteanna is dóigh leis an gCuideachta, le toiliú an Aire, a bheith oiriúnach agus beidh siad taiscthe amhlaidh ar feadh míosa ar a laghad agus beidh siad, fad a bheidh siad taiscthe amhlaidh, ar fáil lena n-íniúchadh ag aon duine, saor in aisce, idir a deich a chlog ar maidin agus a ceathair a chlog tráthnóna gach lá ach amháin an Satharn, an Domhnach agus laethanta saoire poiblí.

7. (1) Déanfar méid an phraghais a bheidh le híoc ag an gCuideachta, as aon talamh a fhaightear, leis na daoine leithleacha atá ina theideal nó a bhfuil eastáit nó leasanna acu ann, nó, as aon cheart a fhaightear, leis na daoine leithleacha atá ina theideal nó a bhfuil eastáit nó leasanna acu sa talamh a bhfeidhmítear an ceart ina leith, a shocrú, cheal comhaontaithe, faoi réim agus de réir an *Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act, 1919*.

(2) Beidh feidhm ag ailt 69 go 83 den *Lands Clauses Consolidation Act, 1845*, maidir leis an bpraghas sin agus, faoi réir mhíreanna 9 agus 10, maidir le tíolacadh na talún nó an chirt a fhaightear chun na Cuideachta agus, chun críche na feidhme sin, measfar gurb í an Chuideachta tionscnóirí an ghnóthais.

8. Déanfar an méid a bheidh le híoc de réir mhír 7, as aon talamh nó aon eastát nó leas sa talamh nó aon cheart, a chinneadh ionann is dá mba nár achtaíodh Caibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991.

9. (1) I gcás go mbeidh an Chuideachta tar éis dul isteach ar thalamh, agus seilbh a ghlacadh air, de réir na gcumhachtaí a thugtar di le mír 4 agus gur deimhin leis an Aire—

(a) nach bhfuil na leasanna leithleacha sa talamh tíolactha nó aistrithe chun na Cuideachta,

(b) gur gá go práinneach, i dtaca leis na críocha chun ar údaraiodh don Chuideachta an talamh a fháil go héigeantach, fáil na talún a chur i gcrích, agus

(c) go bhfuil tairiscint chuí i scríbhinn déanta ag an gCuideachta do gach duine a bhfuil leas aige sa talamh agus a thug sonraí leordhóthanacha faoina leas chun a chumasú don Chuideachta tairiscint chuí a dhéanamh le haghaidh an leasa sin,

ansin féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh (dá ngairtear ordú dílseacháin sa Sceideal seo) ag dílsiú na talún don Chuideachta.

(2) I gcás go dtagann an tAire nó an Chuideachta, sula ndéanfar an t-ordú dílseacháin, ar an eolas go bhfuil an talamh (go haonarach nó i dteannta talún eile) atá le fáil faoin ordú faoi réir aon bhlianachta nó íocaíochta eile a íoctar le Coimisiún Talún na hÉireann nó le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, nó faoi réir aon mhuirir is iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhás aon duine, cuirfidh an tAire nó an Chuideachta, de réir mar a bheidh, in iúl láithreach do Choimisiún Talún na hÉireann, do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn nó do na Coimisinéirí Ioncaim, de réir mar a bheidh, go mbeartaítear an t-ordú a dhéanamh.

(3) Nuair a bheidh ordú dílseacháin déanta, déanfaidh an Chuideachta, laistigh de sheacht lá tar éis déanamh an ordaithe a bheith curtha in iúl—

(a) fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó a léitear i gcontaebhuirg Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear Limistéar Bharra an Teampaill), ar fógra é ina ndéarfar go ndearnadh an t-ordú, ina dtuairisceofar an talamh dá dtagraítear ann agus ina n-ainmneofar áit mar ar féidir cóip den ordú a fheiceáil gach tráth réasúnach, agus

(b) fógra a sheirbheáil ar gach duine ar dealraitheach di leas a bheith aige sa talamh lena mbaineann an t-ordú, ar fógra é ina ndéarfar go ndearnadh an t-ordú agus ina luafar éifeacht an ordaithe.

10. (1) Beidh ordú dílseacháin san fhoirm fhorordaithe agus beidh ag gabháil leis léarscáil den talamh lena mbaineann sé agus beidh sé sainráite agus oibreoidh sé chun an talamh a dhílsiú don Chuideachta i bhfeo simplí saor ó eirí agus ó gach eastát, ceart, teideal agus leas d'aon chineál

(seachas aon cheart slí poiblí) ar dháta sonraithe nach luaithe ná lá is fiche tar éis an t-ordú dílseacháin a dhéanamh.

(2) D'ainneoin aon ní i bhfómhír (1), i gcás go bhfuair an Chuideachta, le hordú dílseacháin, talamh atá, go haonarach nó i dteannta talún eile, faoi réir blianachta ceannaigh, íocaíochta in ionad cíosa, nó suime bliantúla eile (nach cíos faoi chonradh tionóntachta, agus sin amháin, í) is iníoctha le Coimisiún Talún na hÉireann nó le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, tiocfaidh an Chuideachta chun bheith agus beidh sí, amhail ón dáta a ndílseofar an talamh di leis an ordú dílseacháin, faoi dhliteanas an tsuim bhliantúil, nó cibé cuid den chéanna a chionroinnfidh Coimisiún Talún na hÉireann nó Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, de réir mar a bheidh, ar an talamh, a íoc le Coimisiún Talún na hÉireann nó le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, de réir mar a bheidh, ionann is dá mbeadh an talamh aistrithe ag úinéir na talún chuig an gCuideachta ar an dáta sin.

(3) Nuair a dhéanfaidh an tAire ordú dílseacháin i ndáil le haon talamh, cuirfidh sé faoi deara an t-ordú a chur chuig an údarás clárúcháin faoin Acht um Chlárú Teidil, 1964, agus air sin cuirfidh an t-údarás clárúcháin faoi deara an Chuideachta a chlárú mar úinéir ar an talamh de réir an ordaithe.